GA

an tÚdarás Eorpach Saothair

# An mbíonn Feithiclí Tráchtála Éadroma á dtiomáint agat?

## Beidh tú ag iarraidh a bheith ar an eolas faoi seo!

Beidh feidhm ag rialacha nua ón

**1 Iúil 2026**

ar aghaidh



ELA
EUROPEAN LABOUR AUTHORITY

LIGHT VEHICLES BIG CHANGES


# An tiománaí Feithicle Tráchtála Éadroime thú? An mbíonn tú ag tiomáint thar theorainneacha an Aontais?


Ón 1 Iúil 2026 amach, beidh feidhm ag rialacha a bhaineann le **tréimhsí tiomána agus scíthe** agus **tiománaithe a phostú** maidir le feithiclí tráchtála éadroma. Príomhfhíricí:


- Is infheidhme maidir le feithiclí ag a bhfuil uasmhais incheadaithe níos mó ná 2.5 tona agus suas le 3.5 tona (lena n-áirítear aon leantóir nó leathleantóir).
- Tá feidhm aige maidir le feithiclí a ghabhann d'iompar idirnáisiúnta earraí nó cabatáiste ar fruiliú nó ar luaíocht.
- Ní mór tacagraf cliste a bheith feistithe ar na feithiclí sin.
- Tá feidhm aige maidir le tiománaithe ar náisiúnaigh iad de thíortha an Aontais agus de thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, ar choinníoll go bhfuil siad fostaithe ag cuideachta iompair atá bunaithe san Aontas.

## Príomhrialacha: tréimhsí tiomána agus scíthe

**Cuir eolas** ar na tréimhsí uasta tiomána agus faoi na tréimhsí íosta sosa agus scíthe:






* Is féidir tréimhse scíthe laghdaithe 9 n-uair an chloig ar a laghad in aghaidh an lae a ghlacadh i gcomhréir le coinníollacha sonracha.

** Agus féadfar í a laghdú (tréimhse shosa 24 uair an chloig ar a laghad ach í a bheith níos lú ná 45 uair an chloig) faoi choinníollacha speisialta má dhéantar cúiteamh ina leith níos déanaí.

# Príomhrialacha: Tiománaithe a phostú

## Cad atá i gceist le bheith i do thiománaí ar postú?

Má tá tú fostaithe ag oibreoir atá bunaithe i mBallstát amháin den Aontas agus má sheoltar thú go sealadach ar chúinsí oibre chuig Ballstát eile chun cineálacha áirithe oibríochtaí iompair a dhéanamh, meastar gur tiománaí ar postú thú faoi dhlí an Aontais.

## An cineál oibríochta iompair

### CABATÁISTE

Níl an fostóir lena bhfuil tú ag obair bunaithe sa Bhallstát ina ndéanann tú oibríochtaí iompair intíre.

✔ Meastar gur tiománaithe ar postú thú

### TRASTRÁDÁIL

Oibríochtaí iompair idir dhá Bhallstát, nó idir Ballstát agus tír nach tír de chuid an Aontais í, agus níl d'fhostóir bunaithe in aon cheann de na tíortha sin.

✔ Meastar gur tiománaithe ar postú thú

### DÉTHAOBHACH

Ag iompar earraí ón mBallstát ina bhfuil d'fhostóir bunaithe go tír eile (laistigh nó lasmuigh den Aontas), nó ag filleadh ó aon tír eile (laistigh nó lasmuigh den Aontas) go dtí an Ballstát ina bhfuil d'fhostóir bunaithe.

✘ Ní mheastar gur tiománaithe ar postú thú

### IDIRTHURAS

Ballstát a thrasnú gan aon luchtú ná díluchtú a bheith i gceist.

✘ Ní mheastar gur tiománaithe ar postú thú

### Cén fáth a bhféadfá a bheith i dteideal pá níos airde nuair is tiománaí ar postú thú?

Más tiománaí ar postú thú, beidh feidhm ag rialacha sonracha.Má tá an luach saothair foriomlán agus na dálaí oibre foriomlána níos fearr sa tír ina bhfuil tú ar postú ná sa tír ina bhfuil d'fhostóir bunaithe, tá tú i dteideal an leibhéil luacha saothair níos airde maille le dálaí oibre níos fearr. Mura bhfuil an leibhéal níos airde, tá feidhm ag rialacha na tíre ina bhfuil d'fhostóir bunaithe.

### Cad is gá duit a thaispeáint don chigire le linn seiceáil cois bóthair má chuirtear ar postú thú?

Déan cinnte de go mbeidh na doiciméid seo a leanas agat i gcás seiceáil cois bóthair:

- **Dearbhú maidir le postú**: Cóip (cóip dhigiteach nó cóip pháipéir) den dearbhú maidir le postú a chuir d'fhostóir isteach tríd an Tairseach Dearbhaithe Postála Iompar ar Bhóithre (tairseach RTPD) atá nasctha le Córas Faisnéise Mhargadh Inmheánach (IMI) an Aontais.
- **Doiciméid iompair**: Nótaí coinsíneachta (doiciméid CMR nó billí iompair trucaile), mar shampla.
- **Taifid tacagraif:** Sonraí ó thacagraf na feithicle, agus sonraí do chárta tiománaí san áireamh.

## Na hoibleagáidí is ábhartha atá ar d'fhostóir

- **Sceidil oibre** a eagrú d'fhonn féachaint chuige gur féidir le gach tiománaí cloí leis na rialacha maidir le tréimhsí tiomána agus scíthe.
- **Treoracha soiléire agus oiliúint shoiléir** a chur ar fáil do thiománaithe maidir le ceanglais chomhlíontachta, agus úsáid an tacagraif san áireamh.
- **Cleachtais a chosc agus a dhícheadú** ar cinn iad a d'fhéadfadh tiománaithe a spreagadh le rialacha a shárú, ar nós córais íocaíochta nach bhfuil bunaithe ach ar achar nó ar luas.
- **Monatóireacht a dhéanamh ar thaifid tacagraif**, chun féachaint chuige go leanfaidh tiománaithe na rialacha, agus sonraí a íoslódáiltear ón tacagraf agus ón gcárta tiománaí araon a choinneáil ar feadh 12 mhí i gcomhair cigireachtaí.
- **Íoc as** lóistín an tiománaí a bhaineann le scíth sheachtainiúil 45 uair an chloig ar a laghad, agus ní fhéadfar an scíth sin a ghlacadh san fheithicil.
- **É a chur ar a chumas don tiománaí filleadh abhaile** (nó chuig bonn oibríochtúil an oibreora) laistigh de gach tréimhse 3 nó 4 seachtaine as a chéile, bunaithe ar do phatrún seachtainiúil scíthe.
- **A chinntiú go bhfuil na doiciméid uile is gá** le haghaidh seiceáil cois bóthair ar fáil san fheithicil lena gcur i láthair nuair a iarrfaidh oifigeach rialaithe é sin.
- **An dearbhú maidir le cur ar postú** a chur isteach in am trátha tríd an Tairseach Dearbhaithe Postála Iompar ar Bhóithre (tairseach RTPD) atá nasctha le Córas Faisnéise Mhargadh Inmheánach (IMI) an Aontais.

## Leideanna praiticiúla

- **CLOÍGH** le teorainneacha uasta maidir le tréimhsí tiomána agus le sosanna íosta agus ceanglais maidir le scíth.
- **BAIN** úsáid as an tacagraf chun tiomáint, sosanna, tréimhsí scíthe agus 'obair eile' a thaifeadadh go cruinn.
- **CUIR** d'fhostóir ar an eolas faoi aon mhoill a chuirtear ort nó faoi aon chúinsí gan choinne a théann i bhfeidhm ar chomhlíonadh.
- **DÉAN** deimhin de go bhfuil an dearbhú maidir le postú agus na doiciméid is gá agat más ar postú atá tú.

- **NÁ** sáraigh na teorainneacha tiomána laethúla ná seachtainiúla.
- **NÁ** falsaigh taifid tacagraif agus ná bain dóibh.
- **NÁ** bí ag tiomáint agus tú tuirseach nó sula gcuirfidh tú isteach an tréimhse scíthe is gá.
- **NÁ** déan neamhaird de thréimhsí íosta sosa ná tréimhsí scíthe
- **NÁ** glac do scíth sheachtainiúil 45 uair an chloig ar a laghad san fheithicil



EUROPEAN LABOUR AUTHORITY

**An tÚdarás Eorpach Saothair**
Landererova 12
811 09 An Bhratasláiv - An tSlóvaic

**www.ela.europa.eu/lcv2026**

**Tuilleadh eolais faoi rialacha maidir le ham scíthe**

**Tuilleadh eolais faoi phostú**

© An tÚdarás Eorpach Saothair, 2025

Níl an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) ná aon duine a ghníomhaíonn thar ceann ELA freagrach as úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis sa doiciméad seo.

Tá atáirgeadh údaraithe ar choinníoll go dtugtar admháil i leith an fhoinse.

Chun aon ghrianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart ELA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Cóipcheart íomhánna: © progressman - stock.adobe.com, © am - stock.adobe.com.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9415-089-9 | doi:10.2883/5002726 | HP-01-25-026-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9415-088-2 | doi:10.2883/6012276 | HP-01-25-026-GA-N |